studyclix.ie
makes exams easier

An t-ábhar scoile is fearr liom (Gaeilge)

| Sample Answer

JC Irish 2018 Aiste (ii)

Tábhacht na Gaeilge *(the importance of Irish)*

Is í an Ghaeilge an t-ábhar is fearr liom ar scoil. Tá an Ghaeilge suimiúil mar **déanann muid réimse leathan ábhair** *(we do a broad range of topics)* taobh istigh den Ghaeilge - gramadach, léamhthuiscint, scríobhneoireacht, dánta, scéalta agus drámaí. **Is cuid an-tábhachtach dár n-oidhreacht í an Ghaeilge** *(Irish is an important part of our heritage)*- bhí Gaeilge amháin ag ár **sinsir** *(ancestors)* fadó agus **tá sé mar dualgas aginn an Ghaeilge a chaomhnú**.*(it's our duty to preserve Irish)*

Dhá phointe dhearfacha *(two positive points)*

Tá go leor litríochta **nua-aimseartha** *(modern)* agus suimiúla ar an gcúrsa Gaeilge, a bhaineann le **cúrsaí reatha** *(current affairs),* mar shampla, sa dráma 'Gleann Álainn', is í an timpeallacht an téama sa dráma. Má tá suim agat sa stair, san úrscéal 'Éalú san Oíche' faigheann muid **léargas** *(insight)* ar an nGórta Mór.

Tá go leor fianaise ann a léiríonn go n-éiríonn sé níos éasca teangacha a fhoghlaim nuair atá níos mó teangacha á bhfoghlaim agat, agus cabhraíonn an Ghaeilge leis seo. Chomh maith leis sin, tugann teangacha **deiseanna fostaíochta** *(employment opportunities)* duit.

Dhá phointe dhiúltacha *(two negative points)*

Ní féidir a shéanadh go bhfuil foghlaim teanga deacair, agus ní haon **eisceacht** *(exception)* í an Ghaeilge. Tá go leor rialacha ann, go háirithe sa ghramadach, agus tógann sé am **dul i dtaithí** *(to get used to)* leis na rialacha ar fad.

Cé go bhfuil deiseanna fostaíochta *(even though there are employment opportunities)* leis an nGaeilge anseo in Éirinn agus **thar lear** *(abroad),* fós is **miontheanga** *(minority language)* í agus níl na deiseanna chéanna ann leis an nGaeilge is atá ann le teangacha móra ar nós Spáinnis nó Sínis.

Moladh amháin do dhaoine *(one recommendation for people)*

Molaim do gach duine seans a thabhairt don Ghaeilge agus **iarracht a dhéanamh** *(to make an effort)* í a fhoghlaim. Má tá seans agat, **ba chóir duit** *(you should)* am a chaitheamh sa Ghaeltacht **chun feabhas a chur** *(to improve)* ar do scileanna teanga.